Gairmscoil na bPiarsach

Nuachtlitir Samhain 2011

Beatha & Sláinte

Ba mhaith linn fáilte ar ais a chuir roimh pobal uilig na scoile chuig Gairmscoil na bPiarsach. Fáilte speisialta roimh scoláirí an chéad bhliain, **Eoin Ó Mainín** agus **Bríd Ní Bhriáin**, an múinteoir nua teagmhalaí baile. Níl aon dabht faoi ná go gcuirfidh siad le atmáisféar dearfach na scoile amach sna blianta atá romhainn. Comhgháirdeachas chomh maith le scoláirí na hArdteiste agus scoláirí an teastas shóisearaigh as ucht na deá-thorthaí sna scrúdaíthe. Déanaimíd chuile iarracht sa scoil atmaisféar foghlamtha a chur ar fáil dár scoláirí. Maidir le daltaí na hArdteiste guímíd chuile rath orthu sna todchaí. Buíochas leis an t**Athair Barra Ó hÓráin** a léigh Aifreann speisialta dhúinn ag tús na bliana. Cuirimíd fáilte speisialta roimhe fhéin agus an t**Athair Micheál Ó Braonáin** go dtí an paróiste. Guimíd gach rath ar an t**Athair Peaidí Consaidín** a d'éirigh as a chuid dualgaisí mar shagart pobail le linn an tsamhradh.

Mionríomhairí linn:

Tá an réabhlóid theicneolaíochta faoi lán tseol sa scoil ag an tráth seo agus a ríomhaire glúine fhéin ag chuile scoláire i mbliain1, 2 agus 3. Tá na leabhair scoile le fáil ar na ríomhairí seo rud a bhaineann an méachán as na malaí. Ach leigheasfaidh na riomhairí seo níos mó fadhbh méachán na malaí. Cuirfidh siad go mór le deiseanna oideachais an scoláire agus dá réir sin, oscalóidh sé doirse dhóibh sa saol amach anseo.Tá an teicneolaíocht lárnach i chuile ghné den saol agus beidh scoláirí s'againne chun cinn ar ghasúir eile de bharr na ndeiseanna thuasluaite. Buíochas le **Feilm ó Neachtain** agus **Pól Ó Neachtain** as ucht an struchtúr nua seo a chuir i bhfeidhm go h-éifeachtach.
Peadar Ó Loideáin (Príomhoide).

Garda Chósta an tSionainn

Ar an 28ú Meán Fómhair thug criú de chuid Ghardaí Cósta na hÉireann, atá lonnaithe sa tSionainn i gCo an Chláir cuairt ar an scoil. Is iad, **Éamonn Ó Broin, Colm Hillary, Dave Kenyon** agus **Andy Rees** a bhí ar an héileacaptar. Bhí baint ag an gcriú céanna leis an gclár teilifíse ***"Rescue 115"*** a bhí ar siúl le gairid at RTÉ. Chaith an criú cuid mhaith ama ag labhairt leis na scoláirí faoin gcinéal obair a bhíonn ar siúl acu. Chomh maith leis sin, thug siad deis do na scolairí dul ar bhord an héileacaptar sular fhág siad slán chun a n-aghaidh a thabhairt ar an tSionainn arís. Tá buíochas mór ag dul don chriú as ucht an tam a thóg siad amach as a gcuid saoil gnóthach oibre chun cuairt a thabhairt ar an scoil. Buíochas faoi leith do **Mháirín Uí Chaonaigh** a d'eagraigh an ócáid seo.

Gairmthreoir

Turas Scoile: Ar an 22ú de mhí Dheireadh Fómhair thug an 4ú bliain agus lucht na hÁrdteiste cuairt ar *"Atlantic Airventure"* sa tSionainn, Co an Chláir ar thuras oideachaisúil. Fuair siad go leor eolas faoin earnáil Eitlíochta, mar shampla, Innealtóireacht Aerloingseoireachta, Innealtoireacht Mheicniuil, Rialaithe Aerthráchtal agus Piolotaí. Bhain na scoláirí uilig an taitneamh as an turas. Bhí deis acu breathnú thart sa músaem agus an Insamhlór a úsáid. Is í an earnáil eitlíochta an earnáil is mó atá ag fás ins an domhain uilig a déir ionadaí ón gcomhlacht. Beidh ganntanas suas le 96,500 Píolotaí agus 150,000 Innealtóirí Aerloingseoireacht ann sna 10 mbliana atá amach romhainn.

Cuairt isteach chuig an scoil: Ar an 13ú den mhí seo thug na **Gárdaí Gearóid Ó Dúinn** agus **Breandán Ó Conámha** chomh maith leis an **Sairsint Peadar Ó Riáin** cuairt chuig an scoil chun labhairt leis na scoláirí uilig faoi chúrsaí drugaí agus ólacháin. Freisin thug siad eolas dóibh faoi shaol an ghárda, na dúshláin a bhaineann leis an bpost, chomh maith leis an sásamh a bhaineann siad as a gcuid oibre. Labhair siad freisin faoi na postanna difriúla atá ann. Bhí an triúir acu an-shásta leis na scoláirí, agus chomhlánaigh siad iad ar a n-iompar sa rang. Chuir siad neart ceisteanna ar na gardaí agus ghlac na scolairí buíochas leo. Ba mhaith liom fhéin mar Chomhairleoir Gairmtreoir na scoile mór bhuíochas a ghlacadh leo freisin.

Options West: Thug an Árdteist cuairt ar Aonach Gairme in Óstán Chuan na Gaillimhe ar an 25ú de mhí Deireadh Fómhair. Bhí sé éagraithe ag an mbrainse Gaillimh/Maigh Eo den Institiúid Comhairleoirí Gairmtreoir. Bhí Ollscoileanna, Institiúid Teicneolaíochta, Coláistí, an Arm, Gardaí agus srl., ó Éireann ann chomh maith le Coláistí ón Tuaisceart, Albain agus on Bhreatain Bheag. Ta súil agam gur bhain siad uilig tairbhe as.

Patricia Uí Fhlaithearta (Comhairleoir Gairmtreoir).

Teagmhalaí Baile

Is í **Bríd Ni Bhriain** an múinteoir nua teagmhalaí baile. Má tá eolas ag teastáil faoin seirbhís a chuireann sí ar fáil is féidir teagmháil a dhéanamh leis an scoil. D'eagraigh sí trí cheardlann **"Lig do Scíth/Tóg Sos"** le **Nóra Ní Chadhain** do thuismitheoirí na scoile chomh maith le ranganna ríomhairí gach maidin Déardaoin ó 09.15 – 10.15r.n. Níl aon chostas ar na ranganna seo. Ceardlanna eile atá dá n-ullmhú aici ná "Ceardlann ***Patchwork***" i gColáiste Cholm Cille ar an 20ú Deireadh Fómhair agus Ceardlann **Cóiriú Bláthanna** ar an 19ú Nollaig i nGairmscoil na bPiarsach. Beidh sí ag eagrú ranganna Matamaitice do thuismitheoirí tar éis na Samhna.

Scileanna Staidéar

Bhí tinreamh bhreá le gairid nuair a cuireadh oíche eolais ar scileanna staidéar ar fáil do thuismitheoirí an 3ú agus 5ú bliain.B'iad **Patricia Uí Fhlaithearta (Comhairleoir Gairmtreoir)** agus **an Príomh Oide Peadar Ó Loideáin** a chuir an oíche i láthair. Fuaireamar aiseolas fíor úsáideach óna tuismitheoirí agus tá sé fíor thábhachtach go mbeadh an t-atmaisféar oscailte comhoibríoch sin eadrainn i gconaí.

Turas go Ionad Eachtraíochta Cheapach na gCapall.

D'fhreastal scoláirí an chéad agus an dara bliain in éineacht le **Féilim Ó Neachtain** agus **Anna Ní Dhomhnaill** ar thuras thar oíche in ionad eachtraíochta Cheapach na gCapall le gairid. Bhaineadar an-sult as. Déanadh é seo mar chuid den chlár aistriúcháin **Chlár Críochniú Scoile**. Tugann sé deis do scoláirí na mblianta sin níos mó aithne a chur ar a chéile. Ar ndóigh táimid fíor bhuíoch don Chlár Criochnú scoile as ucht an turas a mhaoiniú agus cinnte as ucht an chabhair ar fad a thugann an eagraíocht céanna do scoláirí na scoile chuile bhliain.

Club Bricfeasta, Lón agus Staidéar tar éis na scoile

Tá an club bricfeasta , club lóin agus staidéar tar éis na scoile faoi lán tseol ag an tráth seo. Dhóibh siúd a bhíonn istigh luath ar maidin, cuirtear bricfeasta folláin ar fáil dhóibh agus anuas ar sin, faigheann an scoil phobal ar fad rollóg, toradh agus deoch shláintiúil ag am lón. Bíonn an **staidéar tar éis na scoile** ar siúl gach **Luan, Máirt agus Déardaoin ó 3.40-5.15i.n.**

Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc,091-574100
Ríomhphost: piarsach@eircom.net

Eag: B. Uí Chonámha

Maidin Caife

D'eagraigh **Bridie Ui Chonámha** maidin caife ar mhaithe le Oispís na Gaillimhe i mí Meán Fhómhair. Bailíodh €520 ar fad don Oispís. Buíochas leis na daoine go léir a thug tacaíocht, iad siúd a rinne bacáil don ócáid chomh maith leis na múinteoirí a thug cúnamh ar an lá lena chinntiú go rithfeadh gach rud mar ba cheart.

Cúrsaí Peile

Tá an séasúr peile faoi lán seoil faoi láthair agus chuile dhuine ag baint sult as. I mbliana tá foirne cailíní Faoi 14 agus Faoi 16 againn chomh maith le foireann sinsear cailiní i bpáirtíocht le Gairmscoil Fheichín. Bhuaigh an Foireann Sinsear Cailíní i gcoinne Gairmscoil Éinne agus i gcoinne Choláiste Chroí Mhuire ach fuair Coláiste Cholm Cille an lámh in uachtar orainn. Tá muid thríd anois go dtí réamh-bhabhtaí le haghaidh cluichí ceathrú ceannais Chonnachta. Buíochas le **Bridie Uí Chonámha & Máirín Uí Chaonaigh** a bhreathnaíonn amach do pheil na mBan sa scoil.
Tá foireann buachaillí Faoi 16 againn agus arís tá muid i bpáirtíocht le Gairmscoil Fheichín i gcóir an sinsear. Go dtí seo tá cluichí sinsear buaite againn in aghaidh Gairmscoil Éinne agus Móinín na gCíseach agus tá cluichí Faoi 16 i gcoinne Gairmscoil Éinne. Buíochas le **Pól Ó Neachtain & Eoin Ó Mainín** a eagraíonn peil na mbuachaillí sa scoil.

Turas Eiceolaíochta

Chuaigh an rang 4ú bliain Bitheolaíochta ar thuras allamuigh **Eiceolaíochta** go dtí Ceapach na gCapall in éineacht lena múinteoir Bitheolaíochta **Bridie Uí Chonámha** le déanaí, rinne siad stáidéar ar eiceolaíocht na coille. Is cuid é seo do chúrsa phraiticiúil Bitheolaíocht na h-Ard Teistiméireachta.

Fonduireacht Brigid Aylward

Mar is iondúil chuile bhliain táimíd fíor bhuíoch do fhondúireacht **Bhrigid Aylward** as ucht an chabhair a chuireann siad ar fáil dhúinn. I mbliana tá maoiniú á dhéanamh ar trí theilgeoir sonraí. Is teilgeoirí ar ardchaighdéan iad seo agus gan iad ní bheadh an ábaltacht againn an scoil a chur chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta.

Leabharlann Brigid Aylward

Bíonn an leabharlann ar oscailt gach Luan ón 11.10 – 12.30r.n. le seans a thabhairt do na scoláirí ábhair leitheoireacht a fháil don tseachtain. Tá nasc idir ról an leabharlann agus an clár JCSP. Is é **Brian Ó hAnnaidh** an Comhordnóir JCSP agus is í **Bridie Uí Chonámha**, leabharlannaí na scoile. Thug an bheirt acu cuairt ar an leabharlann i Móinín na gCiseach le gairid le tuilleadh eolas a fháil faoi bhealaí chun an leabharlann agus cúrsaí léitheoireachta a chur chun cínn sa scoil.

Seachtain na Matamaitice

Le linn seachtain na Matamaitice le déanaí d'eagraigh **Maryanne Nic Dhonnachadha** go leor imeachtaí éagsúla Matamaitice. Bhí go leor dena h-imeachtaí ceangailte isteach leis an siollabas nua **"Tionscadal Mata".** Bhain na scoláirí go léir an-taitneamh as n h-imeachtaí agus spreagadh an-suim san ábhar Matamaitic